

An Dara Cogadh Domhanda agus an Cogadh Fuar

Coláiste Oiriall

Muineachán

Stair an Teastais Shóisearaigh

Blitzkrieg

- *Feachtas cogaióchta* na Gearmáine.
- Bhuamáil na heitleáin an líne cosanta.
- Réab na tancanna fríd chonstaic ar bith eile.
- Tháinig trúpaí i leoraithe nó ag siúl.

An Cogadh Bréige

- Bhí an chuma ar an scéal *nach mbeadh aon troid eile ann.*
- Ach *rinne an Ghearmáin ionradh* ar an Danmhairg, an Iorua, Ísiltír agus an Bheilg.

Titim na Fraince

- Ní raibh aon mhaith sa *Líne Maginot* in eadán Blitzkrieg Hitler.
- Tháinig fórsaí Hitler *tríd an Bheilg*.
- *Ghéill* an Fhrainc - baineadh geit as daoine.
- Bhí fórsaí na Breataine teanntaithe i gcalafort *Dunkirk* i dtuaisceart na Fraince.
- D'éirigh le 300,000 de fhórsaí na Breataine agus de shaighdiúirí na Fraince *ealú* go dtí an Bhreatain.

Ionsaí ar an Bhreatain

- *Oibríocht an Mhór-Róin* = códainm ar an ionradh a bhí a phleanáil ag Hitler chun seilbh a ghlacadh ar an Bhreatain.
- Roimh an ionradh bhí *smacht ar an aerspás* de dhíth ar Hitler ar dtús.
- *Cath na Breataine* = cath mór san aer idir Luftwaffe na Gearmáine agus RAF na Breataine. Bhuaigh an RAF mar bhí *radar* in úsáid acu. Maraíodh 400 píolóta Briotanach

- Thug an radar *rabhadh do fhórsaí na Breataine* go raibh eitleáin na Gearmáine ar a mbealach agus iad fós i bhfad ar shiúl.
- B'éigean do Hitler *an t-ionradh a chur ar ceal* nuair a theip ar Chath na Breataine.
- *Blitz Oíche* = bhuanmáil aerfhórsa na Gearmáine cathracha na Breataine faoi choim na hoíche.
- Leanadh *de bhuanmáil na gcathracha* i rith gheimhridh 1940/1941.
- *160 ionsaí* in aghaidh na hoíche ar Londain, *maraíodh 40,000 duine*.

Ionradh ar an Rúis

- Meitheamh 1941 – Leningrad, Moscó agus Stalingrad a ghabháil = *an chéad sprioc*
- Ní raibh *Arm Dearg* an Aontais Shóivéadaigh réidh.
- Ní raibh trealamh ceart acu agus bhí a gcuid *eitleán imithe as dáta*.
- Bhí Moscó *ina cathair thréigthe* seachas Stalin agus a chuid comhairleoirí.
- Chuir *geimhreadh* crua na Rúise stop le dul chun cinn na nGearmánach.

Ionradh ar an Rúis

- Samhain 1942 – Cuid mhaith de *Stalingrad* i seilbh na nGearmánach
- Tháinig arm milliún fear de chuid na Rúise agus *thimpeallaigh siad na Gearmánaigh*.
- *Ghéill na Gearmánaigh* ar deireadh cé nach ligfeadh Hitler dóibh géilleadh níos luaithe.
- Ba mhór an *botún* é ionradh Hitler ar an Rúis. Maraíodh na milliúin Soivéadach.
- *Operation Barbarossa* = códainm ionraidh

Meiriceá sa Chogadh

- Nollaig 1941 – rinne aerfhórsa na Seapáine ionsaí ar bhunáit Chabhloch na Stát Aontaithe in *Pearl Harbour*.
- Maraíodh beagnach *2,500 Meiriceánach*.
- *Scríosadh* longa cogaidh agus aerárthaí a bhí ar an talamh.
- D'fhógair na Stáit Aontaithe go raibh siad *ag dul isteach sa chogadh* ar thaobh na Breataine agus an Aontais Shóivéadaigh.

El Alamein

- Bhí ochtú arm na Breataine faoi Ghinearál *Montgomery*.
- Bhí *Cór na hAfraice* faoi cheannas an Ghinearáil *Rommel*. Chuir siad isteach go mór ar chumhacht na Breataine san Éigipt.
- Chuidigh *na Meiriceánaigh* le fórsaí na Breataine an bua a fháil ar Rommel.
- Ansin ghéill Cór na hAfraice do Ghinearál *Eisenhower* san Ailgéir agus i Maracó.

Deireadh an Chogaidh

- Meitheamh 1944 = *Operation Overlord* = rinne an Bhreatain agus Meiriceá ionsaí ar Normandy ar chósta na Fraince.
- *Saoradh Paris* ó na Gearmánaigh.
- *Battle of the Bulge* = iarracht dheireanach Hitler ar ionradh a dhéanamh ar cheantar Ardennes na Fraince.
- Chuir Hitler *lámh ina bhás féin* nuair a bhí an tAontas Sóivéadach ag tarraingt ar Berlin

Deireadh an Chogaidh

- Ghéill an Ghearmáin do na Comhghuaillithe ach *níor ghéill an tSeapán*.
- Scaoil Truman Mheiriceá buama adamhach anuas ar *Hiroshima* agus ansin ar *Nagasaki*
- *Dhá shár-chumhacht* dhomhanda i 1945 = Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Aontas na bPoblachtaí Sóisialacha.
- Bunaíodh *na Náisiúin Aontaithe* chun síocháin a choimeád – 50 tír ann

An Cogadh Fuar

- *Achrann íde-eolaíochta* nó cogadh mar gheall ar chreidiúintí
- *Thacaigh Meiriceá le* caipitleachas, saoirse cainte, saor-thogchcáin agus saor-thrádáil.
- *Thacaigh an Rúis le* cumannachas, smacht ar na meáin, toghchán le páirtí amháin agus an eacnamaíocht faoi chúram an stáit.
- *Cogadh géar bolscaireachta* eatarthu.

- Stalin ag iarraidh go mbeadh *rialtais Oirthear na hEorpa 'báúil'* leis an Aontas Sóivéadach nó faoina smacht.
- *Satailití Rúiseacha* a tugadh ar na tíortha mar bhí siad faoi smacht an Airm Dheirg.
- *Teagasc Truman* = thabharfaí cuidiú do thír ar bith a bheadh ag iarraidh cosc a chur le fás an Chumannachais.
- *Plean Marshall* = gealltanas na Stát Aontaithe tacaíocht eacnamaíochta a thabhairt do thíortha na hEorpa.

- Bheartaíodh ar cheithre *reigiún faoi fhorghabháil* a dhéanamh den Ghearmáin.
- Ba mhaith le Stalin *an Ghearmáin a lagú* agus a roinnt go deo. Berlin roinnte fosta.
- Rinne na Sóivéadaigh *imsuí ar Berlin* ag iarraidh na Comhghuaillithe a ruaigeadh.
- D'eagraigh na Meiriceánaigh *aertharlú go Berlin* le hearraí riachtanacha.
- **NATO** = bhunaigh Meiriceá agus tíortha Iarthar na hEorpa comhaontas míleata.

- Ghlac na Stáit Aontaithe páirt ***Chóiré Theas*** agus ghlac an tAontas Sóivéadach páirt ***Chóiré Thuaidh*** sa chogadh ansin.
- ***Comhaontú Warsaw*** = mar fhreagra an Aontais Shóivéadaigh ar bhunú NATO. Bheadh na hairm faoi ghinearál Rúiseach.
- Lean ***Khrushchev*** Stalin agus b'ábhar iontais é i 1956 é nuair a dúirt sé gur ***tíoránach agus deachtóir*** ab ea Stalin.
- ***Comhaireachtáil Síochánta*** = tíortha uilig a bheith cairdiúil le chéile

- ***Balla Berlin*** = thóg na Cumannaithe balla deshreang dheilgnach chun oirthear Berlin a scaradh ón chuid eile den chathair.
- ***Géarchéim Cuba*** = d'éirigh le hUachtarán Kennedy cogadh núicléach a sheachaint.
- Thug an tAontas Sóivéadach ***tacaíocht trádála agus geilleagair do Cuba*** nuair a chuir Meiriceá cosc ar thrádáil le Cuba.
- Thug sé ar Khrushchev diúracháin núicleacha ***a tharraingt amach as Oileán Cuba***.

- Ba mhaith le *Brezhnev* (ceannaire i 1964) comhoibriú go síochánta leis an Iarthar.
- *Détente*, 1960 = d'éirigh an dá Shár-Chumhacht cairdiúil le chéile, cumarsáid níos fearr a chothú agus níos lú teannais.
- *Cainteanna SALT* = Feachtas chun laghdú a dhéanamh ar líon na n-arm núicléach
- *Gorbachev* (ceannaire i 1985)
 - ❑ Glasnost = oscailteacht nua
 - ❑ Perestroika = athstruchtúrú ar an gheilleagar